

# Ócáidí inbhuanaithe

## Treoir d'eagraithe ócáide

Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Clár den **Chomhairle Oidhreachta**

# Clár na nÁbhar


**Réamhrá** 1

**Cé dhó an treoir seo** 1

**Ag plé le hIonaid agus Soláthraithe** 2

- Éifeachtúlacht Fuinnimh 3
- Bainistíocht Dramhaíola 3
- Iompar Inbhuanaithe 3
- Bithéagsúlacht agus Tírdhreachú 3
- Bia agus Deochanna Inbhuanaithe 3

**Tionchair Ócáidí Amuigh faoin Aer** 4

**Iompar** 6

**Dramhaíl** 7

**Bia** 8

**Fuinneamh** 8

**Uisce** 9

**Bithéagsúlacht** 10

**Cur in Iúl na hInbhuanaitheachta** 11

**Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha** 12

**Acmhainní Úsáideacha** 13

**Seicliosta Inbhuanaitheacht Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta** 15

# Fáilte chuig an treoir seo ar chleachtas inbhuanaithe a thabhairt isteach in ócáidí Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta



# Réamhrá

Tá gealltanas tugtha ag Éirinn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 50% faoi 2030 agus neodracht astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050. Agus muid ag tabhairt aghaidh ar ghéarchéim bhithéagsúlachta dhomhanda, is crainn taca straitéiseacha iad an t-athrú aeráide agus an chailliúint bhithéagsúlachta i bPlean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028, Ár n-Ait sa Stair. Tá sé mar aidhm againn cuidiú leo siúd ar fad atá páirteach i gcláir na Comhairle Oidhreachta ar nós Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta chun cur le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus cur chun cinn ócáidí agus tionscadail inbhuanaithe a thacaíonn leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht.

Déanann Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta ceiliúradh ar an saibhreas agus éagsúlacht a bhaineann le hoidhreacht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha na hÉireann, agus an tábhacht a bhaineann le cosaint agus caomhnú na hoidhreachta seo do na glúnta atá le teacht. Is bealach éifeachtach é inbhuanaitheacht a thabhairt isteach i do chuid ócáidí le cinntiú go gcosnófar ár n-oidhreacht nádúrtha agus cultúrtha go ceann na mblianta.

Féadfaidh tionchair shuntasacha a bheith ag ócáidí ar an timpeallacht, ar an bpobal agus ar an ngeilleagar. Is féidir le tabhairt isteach chleachtas inbhuanaithe i do chuid ócáidí cuidiú leis an tionchar ar an timpeallacht a laghdú, acmhainní nádúrtha a chaomhnú, gnó áitiúil a chur chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt d'fholláine an phobail thart timpeall ort chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le gníomhú inbhuanaithe ar son na haeráide a roinnt le do lucht spéise.



# Cé dhó an treoir seo

Tá an treoir seo deartha go sonrach do ghrúpaí pobail agus daoine aonair atá ag eagrú ócáidí de gach cineál do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta. Tá sé mar aidhm againn leideanna agus smaointe praiticiúla a sholáthar duit do thabhairt isteach chleachtas inbhuanaithe i do chuid ócáidí, is cuma más í an inbhuanaitheacht ceann de na príomhfhócais a bhaineann leis an ócáid nó murab í. Tá mé mar aidhm ag an treoir seo rogha smaointe a chur os do chomhair a bhféadfá leas a bhaint as chun ócáidí a bheidh níos inbhuanaithe a phleanáil, go hiomlán ar do luas féin.

Clúdaíonn an treoir topaicí ar nós iompar inbhuanaithe, laghdú dramhaíola, caomhnú fuinnimh, agus roghanna inbhuanaithe bia. Cuirfidh muid smaointe ar fáil duit freisin faoi theachtaireachtaí inbhuanaitheachta a chur in iúl go héifeachtach don lucht spéise a fhreastalaíonn ar do chuid ócáidí. Is cinnte nach bhfeileann na leideanna ar fad do gach ócáid, ach tá súil againn go spreagfaidh an treoir thú smaoineamh go cruthaitheach ar bhealaí an cleachtas inbhuanaithe a thabhairt isteach i do chuid ócáidí le linn Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta. Trí chomhoibriú le chéile, is féidir linn ócáidí a chruthú a dhéanann ceiliúradh ar ár n-oidhreacht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha agus ag an am céanna, a chuireann todhchaí inbhuanaithe chun cinn dár bpobail agus dár dtimpeallacht.

Ár mbuíochas leo siúd a chabhraigh le tráchtaireacht a dhéanamh ar luath-dhréachtaí den treoir seo: Shirley Clerkin (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Mhuineacháin), Ronan Healy (Bainisteoir Cláir Sheachtain Oidhreachta, An Chomhairle Oidhreachta), Paula Kearney (Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe), Amanda Pedlow (Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí), Ricky Whelan (Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Chontae Uíbh Fháilí).

**Má tá aiseolas nó ceisteanna agat nó más mian leat cur le heagráin den Treoir amach anseo, déan teagmháil le do thoil le Catherine Casey, Ceann Oidhreachta agus Athrú Aeráide ag [ccasey@heritagecouncil.ie](mailto:ccasey@heritagecouncil.ie).**

# Ag plé le hIonaid agus Soláthraithe

Seans go mbeidh ort ionad a chur in áirithe do d'ócáid nó seirbhísí a fhostú ar nós lónadóireacht nó soláthairtí ar nós ábhar bolscaireachta. Má tharlaíonn sé go mbeidh ort iad seo a dhéanamh, tá sé tábhachtach a bheith ionraic le hoibrithe an ionaid agus soláthraithe maidir le do chuid aidhmeanna inbhuanaitheachta do d'ócáid le linn Seachtain Oidhreachta.

Beidh roinnt ionad agus soláthraithe an-réamhghníomhach ag tairiscint roghanna inbhuanaithe ach seans gur beag an taithí a bheidh ag soláthraithe agus ionaid tráchtála nó pobail. Chuimhnigh ar chumarsáid a dhéanamh faoi do riachtanais inbhuanaitheachta roimh ré agus fiafraigh díobh faoi chomhlíonadh na gcritéir. Má tá rogha agat idir ionaid agus soláthraithe, bain leas as an inbhuanaitheacht mar cheann de na critéir agus tú ag roghnú. Fiú mura gcomhlíonfar gach ceann de do riachtanais an babhta seo, cuimhnigh go bhfuil tú ag cur in iúl do chuid iarratas, tá tú ag léiriú d'oibrithe go bhfuil spéis mhargaidh san inbhuanaitheacht agus go bhféadfá cabhrú chun iad a spreagadh cinntí níos inbhuanaithe a dhéanamh amach anseo.

Seo roinnt ceisteanna gur féidir le eagraithe ócáidí de chuid Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta a chur agus iad ag cur ionaid in áirithe amhail ionaid ócáide leis an inbhuanaitheacht a chinnti:



## Éifeachtúlacht Fuinnimh

- An úsáideann d'ionad soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh, ar theas agus ar chórais fuaraithe?
- An úsáideann an t-ionad fuinneamh in-athnuaite, amhail na grianchumhachta nó cumhacht na gaoithe?
- An bhfuil fearas agus soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh sna seomra aíochta nó spásanna ócáide?

## Bainistíocht Dramhaíola

- An bhfuil clár athchúrsála i bhfeidhm ag an ionad?
- An mbaineann an t-ionad úsáid as an múiríniú don chur amú bia?
- An bhfuil polasaí ag an ionad maidir le húsáid phlaisteach aon-úsáide agus maidir leis an dramhaíl go ginearálta?

## Iompar Inbhuanaithe

- An bhfuil teacht ar an ionad seo go héasca le hiompar poiblí?
- An gcuireann an t-ionad raca rothar ar fáil nó ceangail iompair poiblí in aice láimhe?
- An bhfuil stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha san ionad, iompar tointeála nó roghanna carr-roinnte?

## Bithéagsúlacht agus Tírdhreachú

- An úsáideann an t-ionad plandaí nádúrtha ina chuid tírdhreachaithe?
- An bhfuil spásanna glasa a bhféadfadh aíonna leas a bhaint astu?
- An bhfuil polasaí ag an ionad maidir le fiadhúlra áitiúil a chosaint agus na gnáthóga?



## Bia agus Deochanna Inbhuanaithe

- Cén chaoi a gcuirfear bia/deochanna ar an mbord? Coimeádáin inmhúirínithe, coimeádáin in-athúsáidte, coimeádáin aon-úsáide srl?
- An úsáideann an t-ionad comhábhar áitiúil agus séasúrach dá mbiachlár lónadóireachta?
- An bhfuil polasaí ag an ionad maidir le laghdú na dramhaíola bia?
- An soláthraíonn an t-ionad roghanna do réimeanna bia veigeatóracha, veigeánacha nó saor ó ghlútan?

**Trí na ceisteanna seo a chur, is féidir a chinntiú go dtagann an t-ionad a roghnaíonn tú do d'ócáid le linn Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta le do spriocanna inbhuanaitheachta agus go gcuireann siad cleachtas i dtaca leis an timpeallacht chun cinn. Cuimhnigh ar do chuid ionchas a chur in iúl go soiléir don ionad roimh ré agus obair i gcomhpháirt leo chun an méid is mó inbhuanaitheachta a bhaint amach le d'ócáid agus gur féidir. Tá réimse leathan treoracha curtha le chéile ag Fáilte Ireland d'ionaid agus gnóthaí le cabhrú leo a gcuid dualgas aeráide a bhaint amach (féach https://supports.failteireland.ie/climate-action).**

# Tionchair Ócáidí Amuigh faoin Aer

Eagraítear go leor ócáidí a bhaineann le Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta amuigh faoin aer chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha an cheantair áitiúil. Tá sé tábhachtach go gcinntíonn eagraithe na n-ócáidí nach ndéanann ócáidí a bhaineann le gné amháin dár n-oidhreacht dochar go neamhbheartaithe do ghné eile dár n-oidhreacht. Roinnt samplaí de seo, b'fhéidir:


Méadú ar an Trácht Siúil D'fhéadfadh go meallfadh ócáidí a dhéanfadh ceiliúradh ar ghné amháin dár n-oidhreacht líon mór daoine chucu, rud a tharraingeodh níos mó tráchta siúil chuig an áit. D'fhéadfadh torthaí neamhbheartaithe teacht uaidh seo, ar nós caitheamh agus cuimilt ar láithreáin seandálaíochta nó dochar do ghnáthóga nádúrtha.

**Tionchar ar an Timpeallacht:** D'fhéadfadh tionchar a bheith ag ócáidí Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta ar an timpeallacht, ar nós truailliú nó dochar do ghnáthóga nádúrtha. Mar shampla, d'fhéadfadh ócáidí le tinte ealaíne ann, scaoileadh balún nó sluaite móra, d'fhéadfadh siad truailliú ó thorann a chruthú, suaitheadh nó méid mór dramhaíola a chruthú, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don timpeallacht nó don fhiadhúlra san áit.



- Tá gá pleanáil agus machnamh cúramach a dhéanamh le cinntiú go ndéantar ceiliúradh agus cur chun cinn ar gach gné oidhreachta i mbealach cothrom agus inbhuanaithe.
- Déan pleanáil ar ócáidí chomh cúramach agus gur féidir leat agus bí ag plé le húinéirí cuí talún agus ceannairí pobail, déan plé ar aon chead, riachtanais árachais srl go luath roimh ré.
- Seiceáil má tá láithreáin, gnáthóga nó speiceas cosanta sa cheantar atá pleanáilte don ócáid. Foinsí do seo:
    - Oidhreacht thógtha agus chultúrtha: maps.archaeology.ie/HistoricEnvironment
    - Bithéagsúlacht www.npws.ie/maps-and-data
- Beidh an t-údarás áitiúil oidhreachta agus/nó an t-oifigeach bithéagsúlachta in ann tú a chur ar an eolas faoi íogaireacht na hoidhreachta áitiúla. Ba cheart duit freisin teagmháil a dhéanamh le hionadaithe áitiúla d'ENRanna timpeallachta, daoine a mbeadh eolas pearsanta acu ar íogaireacht an láithreáin.
- Déan plean don iompar, ag coinneáil páirceáil an chairr i bhfad ón láithreáin, ag spreagadh taisteal gníomhach, an charr-roinnt nó iompar poiblí agus déan machnamh a dhéanamh ar iompar tointeála a úsáid más gá
- Seachain ócáidí a reáchtáil i dtráthanna áirithe den bhliain (m.sh. neadú talún nó imirce na n-éan srl.)
- Cinntigh go dtagann eagraithe agus rannpháirtithe na hócáide le prionsabail Leave no Trace (féach www.leavenotraceireland.org) agus déan machnamh ar riachtanais oibreacha áitiúla feirmeoireachta nó foraoiseachta ag am d'ócáide
- Na rannpháirtithe ar fad a chur ar an eolas faoi íogaireacht an láithreáin roimh ré ag céim na háirithinte agus arís agus iad ann, go hidéalach, ag cur éiteas na hócáide i gcuimhne dóibh agus gur gá dóibh cinntiú go pearsanta nach ndéantar aon dochar don timpeallacht ná don oidhreacht
- Tar éis na hócáide, cinntigh go mbaintear amach aon chomharthaíocht nó gnéithe eile gan mhoill agus go réitítear aon athrú a rinneadh ar an talamh

**Is deis iontach í ócáidí a reáchtáil amuigh faoin aer le linn Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhairsinge iomlán agus idirspleáchas ár n-oidhreachta. Ba mhaith linn eagraithe na n-ócáidí a spreagadh chun cabhrú leis na rannpháirtithe an méid is mó a fháil ón eispéireas agus iad ag cinntiú freisin nach ndéantar aon dochar go neamhbheartaithe.**





# Iompar

Is gné riachtanach den inbhuanaitheacht é an t-iompar, go háirithe d'ócáidí a mheallann líonta móra daoine. Is féidir leis na cinntí a dhéanann na daoine a fhreastalaíonn ar na hócáidí i dtaobh an iompair lámh a bheith acu i dtionchar iomlán na hócáide ar an timpeallacht. Seo roinnt leideanna chun cinntí inbhuanaithe a spreagadh i dtaobh an iompair ag d'ócáid le linn Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, fiú ina áiteanna tuaithe:

- Roghnaigh láithreán lárnach feiliúnach do d'ócáid a bhfuil teacht éasca air ag úsáid rogha maith iompair inbhuanaithe. Déan machnamh ar láithreáin atá gar do ghlasbhealaí, mar shampla.
- Déan an lucht freastail a spreagadh chun roghanna iompair inbhuanaithe a úsáid ar nós iompar poiblí, siúil, nó an rothaíocht chun astaíochtaí ón iompar a laghdú.
- Cuir sonraí ar fáil don lucht freastail maidir le ceangail áitiúla iompair - féach www.transportforireland.ie/ fdo shonraí faoi Sheirbhísí Bus Tuaithe Ceangal Áitiúil atá tar éis méadú le déanaí chomh maith le ceangail náisiúnta iompair poiblí.
- Má tá an t-iompar poiblí teoranta go háitiúil, déan machnamh ar dul i gcomhpháirt le soláthraithe áitiúla iompair poiblí chun seirbhís tointeála a sholáthar chuig agus ón ócáid.
- Déan an lucht freastail a spreagadh chun an charr-roinnt a úsáid chuig an ócáid. Déan machnamh ar áit pháirceála a sholáthar don charr-roinnt amháin nó eolas ar dheiseanna carr-roinnte.
- Más féidir, bain úsáid as roghanna iompair le hastaíochtaí ísle do shocrú na hócáide agus don iompar ag an ócáid. Amhail an iompair phoiblí, feithiclí leictreacha, rothair.
- Déan dreasachtaí a thairiscint ar nós lascanna nó féiríní don lucht freastail a roghnaíonn úsáid a bhaint as an iompar inbhuanaithe. Is féidir leis seo an lucht freastail a spreagadh chun roghanna a dhéanamh atá níos inbhuanaithe. Tá go leor d'ócáidí Sheachtain Oidhreachta saor in aisce agus mar sin seans nach mbeidh baint aige seo leis an scéal, ach seans go bhféadfaí dreasachtaí eile a úsáid.

**Trí roghanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn ag d'ócáid Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, is féidir leat tionchar iomlán na hócáide ar an timpeallacht a laghdú agus tú ag spreagadh cleachtas inbhuanaithe sa lucht freastail. Cuimhnigh ar do spriocanna a bhaineann leis an iompar inbhuanaithe a chur in iúl don lucht freastail agus déan iad a spreagadh chun a gcuid a dhéanamh chun astaíochtaí iompair a laghdú.**






# Dramhaíl

Is gné lárnach é an bainistiú dramhaíola den inbhuanaitheacht, agus is féidir le ócáidí a bhaineann le Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta deis iontach a chur ar fáil an dramhaíl a laghdú agus an cleachtas inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba cheart gurbh é an laghdú dramhaíola an chloch is mó ar gach paidrín, agus mura bhfuil sé seo indéanta, an athúsáid agus an athchúrsáil a chinntiú ansin. Seo roinnt leideanna chun an laghdú dramhaíola agus athchúrsáil a thabhairt isteach i d'ócáid:

- Laghdaigh earraí aon-úsáide: Seachain earraí aon-úsáide ar nós cupáin, plátaí agus sceanra plaisteacha nó páipéir. Ina n-áit, bain leas as earraí gur féidir iad a úsáid arís ar nós plátaí, gloiní, naipcíní agus sceanra in-athúsáidte
- Roimh an ócáid, déan an lucht freastail a spreagadh chun buidéil uisce in-athúsáidte a thabhairt leo agus cinntigh go bhfuil stáisiúin athlíonta ar an láthair.
- Seachain bia a bhfuil sciar amháin ag baint leis go háirithe bia le pacáistiú plaisteach nó measctha, m.sh. subh, anlainn, siúcra srl.
- Déan machnamh ar an ngá le hainmchlibeanna, comharthaíocht ar an láthair nó earraí beaga eile. Más gá leo, déan iarracht roghanna in-athúsáidte nó inmhúirínithe (páipéar) a aimsiú. Más gá le plaisteach, socraigh áit don bhailiúchán i ndeireadh na hócáide agus cinntigh go bhfuil na rannpháirtithe ar fad ar an eolas go mbainfear úsáid in athuair as na coinneálaithe suaitheantais srl.
- Múiríniú agus Athchúrsáil: Déan coimeádáin dramhaíola a bhfuil lipéad soiléir orthu don athchúrsáil, don mhúirín agus don líonadh talún a sholáthar. Cinntigh go n-eagraítear go ceart ábhar inmhúirínithe agus athchúrsála chun an truailliú a laghdú.
- Bain úsáid as Táirgí Inbhuanaithe Bain úsáid as táirgí inbhuanaithe ar nós soip bhambú nó páipéir, naipcíní in-athchúrsáilte agus páipéir, nuair nach bhfuil fáil ar roghanna in-athúsáidte.
- Roghnaigh Soláthraithe Áitiúla: Bí ag obair i gcomhpháirt le soláthraithe áitiúla le astaíochtaí iompair a laghdú agus chun gnó áitiúil a chur chun cinn. Roghnaigh soláthraithe a bhfuil cleachtas agus ábhar inbhuanaithe acu.
- Cuir oideachas ar an Lucht Freastail: Cuir oideachas ar an lucht freastail maidir leis a tábhacht a bhaineann le laghdú dramhaíola agus an chaoi cheart le fáil réidh leis an dramhaíl. Cuir eolas ar fáil ar an athchúrsáil agus an múiríniú agus ar an gcaoi an dramhaíl a laghdú ina saol laethúil.
- Laghdaigh an Phriontáil: Seachain cláir ócáide agus eolas eile a phriontáil mura bhfuil gá leis. Ina ionad sin, cuir eolas ar fáil go digiteach, ar shuíomh idirlín mar shampla, nó ar aip mhóibíleach. Bíodh tuiscint agat ar na deacracht inrochtaineachta a bhaineann leis seo agus cuir cóipeanna crua ar fáil más gá don ionchuimsitheacht. Nuair is gá cóipeanna crua a phriontáil, seiceáil le do phrintéir má tá páipéar athchúrsáilte acu agus teastas eile timpeallachta.

**Trí laghdú dramhaíola a thabhairt isteach i d'ócáid Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, is féidir leat tionchar timpeallachta na hócáide a laghdú agus cleachtas inbhuanaithe a chur chun cinn i measc an lucht freastail. Cuimhnigh do spriocanna leis an laghdú dramhaíola a chur in iúl don lucht freastail agus déan iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh.**



# Bia

Is gné an-tábhachtach é an bia i bpleanáil d'ócáid inbhuanaithe mar go bhfuil tionchar suntasach aige ar an timpeallacht. Cabhraíonn roghanna inbhuanaithe bia le hastaíocht ceaptha teasa a laghdú, acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus an talmhaíocht áitiúil a chur chun cinn. Seo roinnt leideanna ar roghanna inbhuanaithe bia a thabhairt isteach i d'ócáid:

- Roghnaigh táirgí áitiúla agus séasúracha: Trí tháirgí atá i séasúr a fháil ó fheirmeoirí áitiúla, laghdaíonn tú lorg carbóin d'ócáide trí chostais iompair agus chuisnithe a choinneáil íseal. Ina theannta seo, tá bia atá i séasúr níos blasta agus níos cothaithí.
- Cuir roghanna veigeatóracha agus veigeánacha ar fáil agus chun cinn: Cuireann an talmhaíocht go mór le hastaíocht ceaptha teasa agus d'fhéadfadh dea-thionchar a bheith ag laghdú an méid feola a itear ag an ócáid ar an timpeallacht. Cabhraíonn sé freisin roghanna plandabhunaithe a chur ar fáil le freastal orthu siúd le riachtanais chothaithe.
- Bain úsáid as comhábhar orgánach agus inbhuanaithe: Roghnaigh comhábhar a fhásann gan lotnaidicíd ná leasachán a bheith in úsáid orthu. Cuardaigh lipéid deimhnithe a léiríonn gur bia orgánach agus cóirthrádála é.
- Íoslaghdaigh cur amú bia: Déan plean cúramach agus ná hordaigh ach an méid a theastaíonn uait chun an cur amú bia a laghdú. Déan plean don fhuílleach bia le hócáidí eile nó tabhair do charthanachtaí áitiúla é nó do fhiontair shóisialta ar nós Food Cloud. Déan pleanáil air seo go luath roimh an ócáid, nó déan plé air leis an ionad nó an lónadóir.
- Seachain úsáid a bhaint as plaisteach aon-úsáide nó coimeádáin, plátaí nó sceanra Styrofoam. Ina ionad sin, roghnaigh earraí inmhúirínithe nó in-athúsáidte.



# Fuinneamh

Tríd an bhfuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn, is féidir leat tionchar timpeallachta d'ócáide le linn Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta a laghdú agus ag an am céanna, cleachtas inbhuanaithe a chur chun cinn i measc an lucht freastail. Cuimhnigh ar do spriocanna inbhuanaitheachta a chur in iúl don lucht freastail agus iad a spreagadh chun a gcuid a dhéanamh san ídiú fuinnimh a laghdú.

Cuardaigh ionaid a bhfuil fuinneoga iontu agus solas nádúrtha. Bain úsáid as soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh agus seachain soilse a fhágáil lasta nuair nach bhfuil siad in úsáid. Déan machnamh ar fhoinsí inbhuanaithe fuinnimh a úsáid ar nós cumhacht na gréine nó cumhacht na gaoithe.

## Uisce


Is iomaí bealach a bhféadfaí an méid uisce a úsáidtear a laghdú ag d'ócáid chomh maith leis an tionchar a bheadh ag d'ócáid ar chaighdeán an uisce a laghdú. Má tá tú ag cur ionad in áirithe, déan plé leo ar a gcuid straitéisí chun úsáid uisce a laghdú (ar nós leithreas le sreabhadh íseal, sconnaí le sreabhadh íseal agus úsáid uisce báistí). D'fhéadfaí gealltanais a bheith i bplean d'ócáide chun tionchar na hócáide a laghdú ar an truailliú uisce, ag cinntiú bainistiú ceart dramhaíola, trí phlaisteach aon úsáide, bhuidéil uisce, phlátaí, chupáin, agus earraí eile a ghinfidh dramhaíl agus a thruailleoidh foinsí uisce, tríothu sin ar fad a laghdú nó a chur as an áireamh go hiomlán. Ina áit sin, bain úsáid as roghanna eile nach ndéanfaidh dochar don timpeallacht ar nós buidéil in-athúsáidte uisce agus plátaí inmhúirínithe.

Cuir oideachas ar an lucht freastail maidir le caomhnú uisce agus déan iad a spreagadh chun úsáid cheart a bhaint as an uisce le linn na hócáide. Cuir comharthaíocht sna leithris, agus in áiteanna tábhachtacha eile chun úsáid cheart an uisce a spreagadh.

Má tá baint ag imeachtaí uisce leis an ócáid, déan cinnte go bhfuil siad ciallmhar i dtaca leis an timpeallacht agus nach ndéanann siad truailliú ar an uisce. Bain úsáid as táirgí nach ndéanann dochar don timpeallacht do na himeachtaí uisce.

Téigh i gcomhpháirt le heagraíochtaí caomhnaithe uisce a chabhróidh le feasacht a threisiú ar na fadhbanna a bhaineann le caomhnú an uisce agus chun úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn. Déan teagmháil le Clár Uisce Údarás Áitiúil lawaters.ie do shonraí faoi ghníomhú an phobail ar son an uisce i do cheantar, nó Taisce áitiúil Abhann. Tar éis na hócáide, déan meas ar úsáid agus cur amú an uisce chun áiteanna a aithint gur féidir feabhas a dhéanamh orthu agus le foghlaim ón tionchar a bhí ag an ócáid ar an timpeallacht.






# Bithéagsúlacht

Is cuid lárnach é an caomhnú bithéagsúlachta den inbhuanaitheacht, agus is féidir le ócáidí de chuid Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta deis iontach a chur ar fáil chun an bhithéagsúlacht a chur chun cinn agus a chaomhnú go gníomhach, Seo roinnt leideanna don chaomhnú bithéagsúlachta a thabhairt isteach i d'ócáid, fiú murab é sin an príomhfhócas:

- Roghnaigh láithreán nádúrtha: Más féidir, roghnaigh láithreán nádúrtha do d'ócáid. Is féidir le láithreáin nádúrtha ar nós páirceanna, gairdíní agus coillte deis a chur ar fáil le haird a tharraingt ar thábhacht na bithéagsúlachta chomh maith le flóra agus fána áitiúil a chur os comhair an phobail.
- Tabhair deiseanna don phobal foghlaim faoin mbithéagsúlacht áitiúil. D'fhéadfadh siúlóidí dúlra faoi threoir a bheith san áireamh anseo, chomh maith le cainteanna ó shaineolaithe áitiúla caomhnaithe, nó scáileáin idirghníomhacha a thaispeánann an fiadhúlra áitiúil.
- Má bhíonn turas chuig láithreán tógtha oidhreachta le d'ócáid, déan machnamh ar shaineolaí áitiúil fiadhúlra a thabhairt ann le labhairt leis an lucht freastail faoi bhithéagsúlacht na háite. Is iomaí reilig a mbíonn tarraingt mhór ag an bhfiadhúlra uirthi, agus is iondúil go gcónaíonn sciatháin leathair i bhfoirgnimh thábhachtacha ailtireachta, agus seans go mbeadh do láithreán áitiúil staire thar a bheith tábhachtach do na héin.
- Déan teagmháil leis an Oifigeach Oidhreachta nó Bithéagsúlachta i d'údarás áitiúil, leis an gcraobh áitiúil d'ENR bithéagsúlachta ar nós Cairde Éanlaith Éireann, Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann do thuilleadh eolais faoin mBithéagsúlacht i do cheantar. Seans go mbeidh tú in ann dul i gcomhpháirt le craobh áitiúil do d'ócáid.
- Má tá d'ócáid ag tarlú i ngairdín nó áit atá cosúil leis sin amuigh faoin aer, cuir cleachtar chun cinn atá inbhuanaithe agus nach ndéanann dochar don bhithéagsúlacht. D'fhéadfaí eolas a chur ar fáil faoin múiríniú, úsáid phlandaí nádúrtha, agus úsáid lotnaidicídí agus luibhicídí a laghdú. Féach Plean Uile-Éireann um Pailneoirí agus an leabhrán Garraíodóireacht don Bhithéagsúlacht do thuilleadh eolais – tá sonraí i gcuid na nAcmhainní.
- Bain úsáid as ábhar inbhuanaithe do chomharthaíocht ócáide agus do mhaisiúcháin. Cinntigh nach mbaineann tú úsáid riamh as ábhar a dhéanann dochar don bhithéagsúlacht, ar nós plaisteach nó balúin dho-bhithmhillte, rud a dhéanann an-dochar don fhiadhúlra.
- Tá bainistiú ceart dramhaíola rí-thábhachtach i gcaomhnú na bithéagsúlachta. Déan an lucht freastail a spreagadh fáil réidh le dramhaíl go ceart agus cuir coimeádáin dramhaíola a bhfuil lipéid soiléire orthu don athchúrsáil, don mhúiríniú agus don líonadh talún.
- Tabhair isteach imeachtaí athchóirithe fiadhúlra i d'ócáid. D'fhéadfadh crainn nó plandaí nádúrtha a chur a bheith san áireamh anseo, speicis ionracha a bhaint amach, nó gnáthóga a dhéanamh don fhiadhúlra ar nós boscaí éan nó tithe do na sciatháin leathair.
- Roghnaigh ionaid a bhfuil sé mar aidhm acu fáil réidh le húsáid lotnaidicíd agus cuir an rogha seo in iúl d'ionaid.
- Comhoibrigh le heagraíochtaí áitiúla caomhnaithe chun caomhnú bithéagsúlachta a chur chun cinn. D'fhéadfaí dul i gcomhpháirt le hionad áitiúla fiadhúlra nó grúpaí caomhnaithe chun acmhainní foghlama nó deiseanna deonacha a chur ar fáil don lucht freastail.

**Trí chaomhnú bithéagsúlacht a chur chun cinn go gníomhach ag d'ócáid Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta, d'fhéadfá feachtas a threisiú ar thábhacht na bithéagsúlachta agus d'fhéadfá an lucht freastail a spreagadh beart a dhéanamh lena chosaint. Cuimhnigh ar do spriocanna caomhnaithe bithéagsúlachta a chur in iúl don lucht freastail agus déan iad a spreagadh chun a gcuid a dhéanamh flóra agus fána áitiúil a chaomhnú.**



# Cur in Iúl na hInbhuanaitheachta

Tá an chumarsáid éifeachtacht rí-thábhachtach chun an inbhuanaitheacht, an aeráid agus cleachtas i dtaca leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn ag ócáidí Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta. Fiú murab é an aeráid nó an bhithéagsúlacht príomhfhócas d'ócáide, is féidir roinnt de na smaointe seo a thabhairt isteach le cinntiú go bhfuil an inbhuanaitheacht lárnach san ócáid.

**Seo roinnt leideanna chun na smaointe seo a chur in iúl don lucht freastail:**

- Cum ráiteas misin ar an inbhuanaitheacht: Cum ráiteas misin atá soiléir agus gonta a léiríonn spriocanna inbhuanaitheachta na hócáide. Cuir an ráiteas seo ar ábhar na hócáide ar nós an tsuímh gréasáin, ábhar margaíochta agus comharthaíocht.
- Bain úsáid as na meáin shóisialta: Bain leas as na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí inbhuanaitheachta a roinnt leis an lucht freastail. Bain úsáid as haischlibeanna a chuireann cleachtas inbhuanaitheachta chun cinn agus roinn pictiúir agus físeáin den fheachtas inbhuanaitheachta.
- Cuir oiliúint ar fhoireann na hócáide: Cuir oiliúint ar fáil d'fhoireann na hócáide le cinntiú go bhfuil siad gur eol dóibh go hiomlán spriocanna inbhuanaitheachta na hócáide. Déan iad a spreagadh chun an t-eolas seo a roinnt leis an lucht freastail agus le aon cheist a fhreagairt.
- Cuir ábhar foghlama ar fáil: Cuir ábhar foghlama ar fáil ar nós bróisiúir, paimfléid nó póstaeir a mhíníonn tionchar na hócáide ar an timpeallacht agus na buntáistí a bhaineann leis an gcleachta inbhuanaithe. Is féidir an t-ábhar seo a leagan timpeall láithreán na hócáide nó iad a dháileadh ar an lucht freastail agus iad ag teacht chuig an ócáid.
- Meall an lucht freastail: Déan an lucht freastail a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcleachtas inbhuanaithe trí eolas a chur ar fáil ar bealaí a dtionchar ar an timpeallacht a laghdú. D'fhéadfaí iad a spreagadh chun iompar poiblí a úsáid, ag cur dreasachtaí ar fáil má bhíonn cupáin agus coimeádáin in-athúsáidte acu nó cuir ceardlanna inbhuanaitheachta ar fáil.
- Tarraing aird ar dhíoltóirí inbhuanaithe: Má bhíonn díoltóirí ann a thugann tús áite don inbhuanaitheacht, tarraing aird orthu ar an suíomh gréasáin nó ar ábhar na hócáide. D'fhéadfadh sé seo an lucht freastail a spreagadh chun tacú leis na díoltóirí seo agus níos mó a fhoghlaim faoin gcleachtas inbhuanaitheachta.
- Téigh i gcomhpháirt le heagraíochtaí áitiúla timpeallachta: Oibrigh le heagraíochtaí áitiúla timpeallachta chun teachtaireachtaí faoin inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus chun oideachas a chur ar an lucht freastail faoin tábhacht a bhaineann le cosaint na timpeallachta. D'fhéadfadh na heagraíochtaí seo acmhainní agus saineolas luachmhar a chur ar fáil.
- Tríd an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht, aeráid agus bithéagsúlacht a chur in iúl go héifeachtacht, is féidir le eagraithe na n-ócáidí an lucht freastail a spreagadh agus dea-thionchar a bheith acu ar an timpeallacht. Cuimhnigh ar an teachtaireacht a choinneáil soiléir, gonta agus leanúnach le gach bealach cumarsáide le cinntiú go dtéann sí i bhfeidhm go mór.
- Cuir spriocanna inbhuanaitheachta in iúl
- Cuir an lucht freastail ar an eolas faoin bhfeachtas inbhuanaitheachta atá ar bun agat, agus déan iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh i laghdú thionchar na hócáide ar an timpeallacht

# Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha

Is sraith de sheacht sprioc déag iad na Spriocanna Inbhuanaithe Forbartha (SIFanna) a leag na Náisiúin Aontaithe amach agus atá le baint amach faoi 2030. Is treoir chun gnímh iad an spriocanna seo do rialtais, do ghnóthaí agus do phobail le go n-oibreoidh siad le chéile chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an domhan a chosaint agus chun rath a chinntiú do chách. Tríd an inbhuanaitheacht a thabhairt isteach i d'ócáid Sheachtain Oidhreachta, is féidir leat cabhrú le roinnt mhaith de na spriocanna sin a bhaint amach.

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

**Cuimhnigh ar do spriocanna inbhuanaitheachta a chur in iúl don lucht freastail agus déan iad a spreagadh chun a bheith páirteach i gcur chun cinn na hinbhuanaitheachta ina saol laethúil.**

**Uisce Glan agus Sláintíocht**
Trí uisce a chaomhnú agus trí chosc a chur leis an truailliú, d'fhéadfadh d'ócáid cur le SIF 6 Uisce Glan agus Sláintíocht.

**Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe** D'fhéadfadh cur chun cinn an iompair inbhuanaithe agus an chleachtais laghdaithe dramhaíola cabhrú leis an bhforbairt inbhuanaithe uirbeach agus tionchar chathracha ar an timpeallacht a laghdú.

**Caitheamh agus Táirgeadh Ceart** D'fhéadfadh cur chun cinn táirgí inbhuanaithe agus an laghdú dramhaíola cabhrú le laghdú chaitheamh acmhainní agus cur chun cinn phatrúin táirgthe agus caite atá níos freagraí.

**Gníomhú ar son na hAeráide**
D'fhéadfadh cur chun cinn an iompair inbhuanaithe, úsáid fuinnimh agus laghdú dramhaíola ag d'ócáid Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta cabhrú le hastaíochtaí ceaptha teasa a laghdú agus cur leis an troid in aghaidh athrú aeráide.

**An Saol faoi Uisce** Trí úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn, trí dhramhaíl phlaisteach a laghdú agus trí uiscebhealaí áitiúla a chosaint, d'fhéadfá cur le caomhnú na mbogach, beathra fionnuisce agus muirí agus folláine ár bhfarraigí.

**An Saol ar Tír** D'fhéadfadh tabhairt isteach caomhnú bithéagsúlachta i d'ócáid agus cur chun cinn cleachtas inbhuanaithe foraoiseachta cabhrú le héiceachórais a chosaint agus le caomhnú ghnáthóga an fhiadhúlra a chur chun cinn.

# Acmhainní Úsáideacha

Tá foireann na Comhairle Oidhreachta ar fáil le cabhrú leat i bpleanáil na inbhuanaitheachta le haghaidh d'ócáide. Tá réimse acmhainní úsáideacha ar shuíomh gréasáin Sheachtain Oidhreachta www.heritageweek.ie. Do cheisteanna sonracha, déan teagmháil le:

- Ceann Oidhreachta agus Athraithe Aeráide, Catherine Casey ccasey@heritagecouncil.ie
- Bainisteoir Tionscadail An tSeachtain Náisiúnta na hOidhreachta, Ronan Healy rhealy@heritagecouncil.ie

| **Bithéagsúlacht** | |
|---|---|
| Ionad Sonraí na Bithéagsúlachta Náisiúnta | www.biodiversityireland.ie |
| Páirceanna Náisiúnta agus Seirbhís Fiadhúlra | www.npws.ie |
| Leabhar agus acmhainní Garraíodóireacht don Bhithéagsúlacht | laois.ie/gardening-for-biodiversity |
| Bainistíocht do phailneoirí | pollinators.ie |
| Cairde Éanlaith Éireann | birdwatchireland.ie |
| Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann | iwt.ie |
| An Taisce | www.antaisce.org |
| **gníomhú ar son na haeráide** | |
| Climate Ireland | www.climateireland.ie |
| Oifigí Réigiúnacha gníomhú ar son na haeráide | www.caro.ie |
| **Dramhaíl** | |
| Food cloud | food.cloud |
| Rediscovery Centre | www.rediscoverycentre.ie |
| Recreate | recreate.ie |
| An fhadhb le balúin | www.wildlifewatch.org.uk/problem-balloons |
| **Turasóireacht agus Ócáidí Inbhuanaithe** | |
| Tá clár treoracha curtha le chéile ag Fáilte Ireland do ghnóthaí turasóireachta ag tabhairt aghaidh ar an aeráid, ar an mbithéagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Ábhar ar leith spéise a bheidh sa treoir d'Fhéilte agus Cruinnithe agus Ócáidí. Sonraí ag supports.failteireland.ie/climate-action | |

| **Caighdeáin Idirnáisiúnta** (bac ar ionaid agus soláthraithe iad a úsáid) | |
|---|---|
| ISO 14001 | Córais Bhainistíochta Timpeallachta |
| ISO 20121 | Córais Bhainistíochta Inbhuanaitheacht Ócáidí |
| ISO 50001 | Bainistiú Fuinnimh |
| Scéimeanna ábhartha deimhniúcháin eile | Tionscnamh Domhanda Tuairiscithe www.globalreporting.org<br>Green Globe www.greenglobe.com<br>Earth Check earthcheck.org |
| **Ethical sustainable purchasing** | |
| Fair Trade | www.fairtrade.ie |
| Rainforest alliance | www.rainforest-alliance.org |

# Seicliosta Inbhuanaitheacht Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Tríd an seicliosta seo a úsáid, is féidir leat cabhrú le cinntiú go bhfuil an inbhuanaitheacht tugtha isteach i ngach céim den phróiseas i d'ócáid Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, ó roghnú an ionaid go laghdú na dramhaíola. Trí chleachtas inbhuanaithe a chur chun cinn, is féidir leat cabhrú le hócáid nach ndéanfaidh dochar don timpeallacht a chruthú agus iompar inbhuanaithe a chur chun cinn i measc an lucht freastail.

## Ionaid agus soláthraithe inbhuanaithe

- ☐ Seiceáil córas bainistíochta timpeallacht an ionaid nó an tsoláthraithe
- ☐ Déan plé ar riachtanais inbhuanaitheachta leis na hionaid agus solátraithe sula ndéanfaidh tú áirithint

## Ócáidí amuigh faoin aer

- ☐ Seiceáil íogaireacht ar an láthair agus déan plean dá réir sin
- ☐ Cuir prionsabail Leave no Trace i bhfeidhm i bpleanáil, feidhmiú agus glanadh-suas na hócáide

## Iompar Inbhuanaithe

- ☐ Eagraigh an ócáid in áit a bhfuil teacht ar leis an taisteal gníomhach nó iompar poiblí
- ☐ Déan an lucht freastail a spreagadh go gníomhach chun iompar poiblí a úsáid nó rothaíocht nó siúil a dhéanamh chuig an ócáid
- ☐ Cuir iompar tointeála ar fáil nó an charr-roinnt d'áiteanna iargúlta
- ☐ Oibrigh i gcomhpháirt le solátraithe áitiúla chun astaíochtaí iompair a laghdú agus chun gnóthaí áitiúla a chur chun cinn

## Laghdú Dramhaíola

- ☐ Bain úsáid as an gcur chun cinn ar líne agus lig don lucht freastail áirithint a dhéanamh ar líne chun an phriontáil a laghdú
- ☐ Má gá leis an bpriontáil, bain úsáid as páipéar deimhnithe athchúrsáilte
- ☐ Cuir boscaí a bhfuil lipéid soiléir orthu ar fáil don athchúrsáil, mhúiríniú agus don líonadh talún ag an ócáid
- ☐ Seachain earraí aon-úsáide ar nós cupáin phlaisteacha nó pháipéir - iarr cupáin in-athúsáidte don tae agus don chaife ó dhaoine
- ☐ Seachain uisce ón mbuidéal – iarr crúiscíní uisce ó dhaoine agus déan an lucht freastail a spreagadh chun buidéil in-athúsáidte uisce a thabhairt leo
- ☐ Seachain earraí plaisteacha bolscaireachta, go háirithe iad siúd a dhéanann dochar agus truailliú (m.sh. balúin)

## Bia

- ☐ Úsáid bia atá i séasúr agus áitiúil
- ☐ Cinntigh go bhfuil fáil ar roghanna veigeatóracha agus veigeánacha
- ☐ Úsáid táirgí inbhuanaithe (soip inmhúirínithe, naipcíní in-athchúrsáilte, plátaí agus sceanra in-athúsáidte)
- ☐ Roghnaigh soláthraithe a bhfuil cleachtas agus ábhar inbhuanaithe acu

## Fuinneamh Inbhuanaithe

- ☐ Roghnaigh ionad le polasaí laghdaithe fuinnimh (úsáid éifeachtach teasa, soilsithe srl)
- ☐ Más gá le gineadóirí, déan plean chun úsáid breoslaí a laghdú agus cinntigh go bhfuil an tomhas ceart agat ar an ngineadóir.
- ☐ Don AV nó IT, seiceáil polasaithe na soláthraithe ar laghdú fuinnimh - iarr trealamh atá tíosach ar fhuinneamh uathu.

## Uisce

- ☐ Cinntigh go gcuireann d'ionad an caomhnú uisce chun cinn agus déan an lucht freastail a spreagadh chun úsáid an uisce a laghdú
- ☐ Cuir sconnaí uisce nó stáisiúin athlíonta ar fáil agus spreag an lucht freastail chun buidéil in-athúsáidte uisce a úsáid.
- ☐ Cinntigh go mbailítear uisce a úsáidtear don ghlanadh agus do rudaí eile agus go n-úsáidtear arís é más féidir.
- ☐ Seachain imeachtaí a dhéanfadh dochar do chaighdeán an uisce, ar nós ceimiceáin dhíobhálacha a úsáid don ghlanadh nó balúin a scaoileadh nó bruscar eile a d'fhéadfadh dul isteach san uisce.
- ☐ Cuir an gealltanas seo do chaomhnú an uisce agus don inbhuanaitheacht in iúl don lucht freastail.
- ☐ Oibrigh le heagraíochtaí áitiúla timpeallachta chun bealaí a aithint a thacaíonn le caomhnú an uisce.

## Bithéagsúlacht

- ☐ Déan machnamh ar chuid den ócáid a reáchtáil amuigh faoin aer agus tábhacht na bithéagsúlachta a chur chun cinn
- ☐ Roghnaigh ionad a bhfuil dea-thionchar aige ar an bhfiadhúlra áitiúil - iarr an polasaí bithéagsúlachta ón ionad
- ☐ Déan machnamh ar ghnéithe a chur leis an ócáid chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú, m.sh. níos mó crann nádúrtha chur
- ☐ Tabhair cuireadh do ghrúpaí áitiúla caomhnaithe bithéagsúlachta dul i gcomhpháirt leat chun teachtaireacht dearfach caomhnaithe a chur in iúl don lucht freastail.
- ☐ Déan plean chun tosaigh má tá féidearthacht ann go gcabhródh d'ócáid le scaipeach speiceas ionrach

## Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

- ☐ Cuir an ócáid chun cinn ar líne ag úsáid suíomh gréasáin agus na meán sóisialta chomh maith agus is féidir
- ☐ Lig don áirithint ar líne agus cuir foirmeacha aiseolais ar fáil
- ☐ Cinntigh nach n-úsáidtear táirgí bolscaireacht ach amháin más géarghá.
- ☐ Cinntigh nach ndéanann aon táirge bolscaireachta, duais, bronntanas srl aon dochar don timpeallacht agus go bhfuil siad táirgthe go hinbhuanaithe (plaisteach a laghdú, in-athúsáidte, athchúrsáilte agus ábhar in-athchúrsáilte nuair is féidir).
- ☐ Cuir an lucht freastail ar an eolas faoi thábhacht na hinbhuanaitheachta agus faoin iarracht atá á déanamh agat tionchar na hócáide Sheachtain Oidhreachta Náisiúnta ar an aeráid agus ar an timpeallacht a laghdú
- ☐ Iarr aiseolas agus moltaí uathu ar an gcaoi gur féidir feabhas a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na n-ócáidí amach anseo
- ☐ Cuir eolas ar fáil don lucht freastail ar an gcleachtas inbhuanaithe agus bealaí le bheith níos feasaí ar an aeráid ina saol laethúil
- ☐ Tabhair isteach teachtaireachtaí faoi ghníomhú ar son na haeráide agus faoi chailleadh bithéagsúlachta i ngach ócáid
- ☐ Ba cheart don fhoireann eagraithe teacht le chéile go gairid ina diaidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ócáid agus chun ceachtanna a fhoghlaim a chabhróidh le hócáidí amach anseo.


Image © Alf Harvey

heritageweek.ie

Seachtain Náisiúnta
na hOidhreachta

Clár den **Chomhairle Oidhreachta**